



**An Roinn Oideachais  
agus Scileanna**  
Department of  
Education and Skills

**Soláthar Samhraidh 2020**  
*Athcheangal leis an Scolaíocht*

**Treoir Cóivid-19 do Sholáthar Clár Samhraidh ag  
Baile mar Thacaíocht do Pháistí le Riachtanais  
Speisialta Oideachais nó Cúraim**

## 1. Réamhrá

Tá sé mar aidhm ag an *Treoir do Sholáthar Clár Samhraidh ag Baile* seo tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí, teagascóirí agus cúntóirí riachtanais speisialta (CRO) agus iad ag déanamh socruithe cosc a chur le leathadh Cóivid-19.

Ba dhúshlan domhanda gan fasach é Cóivid-19 don tsochaí ar fad, ár bpáistí san áireamh. Ó dúnadh na scoileanna bhí an fhoghlaim an-dúshlánach d'an-chuid pháistí. De bharr chinneadh an Rialtais ar 5 Meitheamh, faoi threoir chomhairle na sláinte poiblí, is féidir soláthar samhraidh a chur ar fáil do pháistí i gcásanna áirithe.

Ta an Clár Samhraidh ag Baile cosúil leis an gclár ar a dtugtar an Soláthar Lúil. Tá an scéim ar fáil chun teacht i gcabhair ar pháistí áirithe incháilithe agus de ghnáth is ag baile an pháiste féin a dhéantar é.

Ní bheidh an snáith ag baile ar fáil **ach sa chás nach bhfuil clár á reachtáil ag scoil an pháiste féin nó i gcásanna nach bhfuil an scoil in ann freastal ar an bpáiste incháilithe sa chlár pleanáilte**. De bhrí nach bhfuil aon chlár inscoile sna hiarbhunscoileanna, tá an Clár ag Baile ar fáil freisin do pháistí incháilithe iarbhunscoile.

Sna cásanna seo cuirfidh an Roinn Oideachais agus Scileanna maoiniú i bhfoirm deontas ar fáil má theastaíonn ó thuismitheoirí múinteoir cáilithe nó cúntóir riachtanais speisialta a fhostú chun an tacaíocht ag baile a sholáthar le haghaidh deich n-uair a chloig gach seachtain ar feadh ceithre seachtaine. I gcásanna eile, áit a bhfuil riachtanais chasta ag páiste agus nach féidir leis teacht ar chlár inscoile, cuirfidh an FSS oibrí tacaíoch ag baile ar fáil. Áit a gcuirtear an rogha seo ar fáil, seans go mbeidh ionchur breise ann ó bhaill eile ón bhfoireann ilaraíonachta éagumais.

Tá solúbthacht ann maidir le dáta tosaithe an chláir.

Tá eolas iomlán ar fáil faoin Clár Samhraidh ag Baile, agus aidhmeanna an chláir san áireamh maraon le hincháilíocht ag [www.gov.ie/summerprovision](http://www.gov.ie/summerprovision)

Is í aidhm na cáipéise seo ná eolas a thabhairt faoi:

- Conas scaipeadh an víris a chosc
- Riachtanais Speisialta Oideachais
- Bearta rialaithe

Sa chás go dteastaíonn ó scoil leas a bhaint as Soláthar Samhraidh ag Baile, tá cead é sin a dhéanamh, ach bheith cúramach go dtagann sé lena Plean Freagartha Scoile Covid-19 féin.

## **2.Comhairle ghinearálta maidir le scaipeadh an víris a chosc**

Ba cheart do gach duine cloí i gcónaí leis an gcomhairle agus leis na treoracha is déanaí ó na húdaráis sláinte phoiblí maidir le cosaint a thabhairt dóibh féin agus do dhaoine eile in aghaidh an riosca atá cruthaithe ag an víreas Covid-19.

Tá comhairle uasdátaithe ón FSS ar fáil ar a suíomh gréasáin - <https://www2.hse.ie/coronavirus/>

Is iad seo a leanas na siomptóim riospráide is coitianta den ionfhabhtú Covid-19: ardteocht, fiabhras, casacht, giorra anála agus deacrachtaí anála.

Is ceart d'aon bhall teaghlaigh, teagascóir nó CRS a léiríonn na siomptóim seo, an tuismitheoir/teagascóir/CRS a chur ar an eolas láithreach. Ní cheadófar dóibh obair má bhíonn aon cheann de na siomptóim thíos acu:

- ✓ Ardteocht
- ✓ Casacht
- ✓ Giorra anála nó deacrachtaí anála
- ✓ Cailleadh bolaidh, blaiste, nó saobhadh blaiste

Tugtar an chomhairle a leanas mar eolas do thuismitheoirí, do dhaltaí scoile, do theagascóirí agus do CRS **maidir leis an mbaol ionfhabhtaithe ón gcorónavíreas a laghdú:**

### ***Nigh na lámha go rialta***

Glan na lámha go rialta agus go mion le gallúnach agus uisce nó le díghalróir alcólbhunaithe de réir na dtreoracha sláinte, go háirithe i ndiaidh teagmhála le duine eile nó lena n-earraí pearsanta, tar éis an leithreas a úsáid agus roimh bia a ithe nó a ullmhú.

Cén fáth? Maraíonn níochán na lámh le gallúnach agus uisce nó díghalróir láimhe alcólbhunaithe víris a d'fhéadfadh a bheith ar na lámha.

### ***Scaradh fisiciúil***

Maidir le páistí le riachtanais speisialta oideachais, ní i gcónaí is féidir an scaradh fisiciúil a chur i bhfeidhm. Iarrtar mar sin, ar thuismitheoirí a bhfuil a bpáiste ag baint leas as an gClár Sholáthar Samhraidh bheith airdeallach i dtaca le comharthaí, siomptóim nó athruithe a thabharfadh le fios go bhfuil breoiteacht/Cóivid-19 ann agus, sa chás is go bhfuil siomptóim i gceist, ní cóir go leanfaí leis an gclár.

Chomh maith leis sin ba chóir go mbeadh teagascóirí/CRS ar an eolas maidir leis an bhfreagracht atá orthu gan freastal ar an soláthar samhraidh ag baile má bhíonn comharthaí nó siomptóim breoiteacht riospráide orthu.

### ***Ná teagmhaigh le súile, srón ná béal***

Cén fáth? Teagmhaíonn na lámha le mórán dromchlaí agus is féidir leo víris a phiocadh suas. Nuair a éillítear iad, is féidir leis na lámha an víreas a aistriú chuig súile, srón nó béal.

### **Cleachtaigh sláinteachas riospráide**

Déan cinnte go gcleachtaíonn tú féin agus na daoine mórthimpeall ort dea-shláinteachas riospráide. Ciallaíonn sé seo do bhéal agus do shrón a clúdach le ciarsúr páipéir nó le d'uillinn lúbtha nuair a dhéanann tú casacht nó sraoth. Faigh réidh láithreach leis an gciarsúr páipéar úsáidte.

Le dea-shláinteachas riospráide, cosnaíonn tú na daoine mórthimpeall ort ó víris ar nós slaghdán, fliú agus Covid-19.

Le dea-chleachtais sláinteachais agus níochán ceart rialta na lámh is féidir cabhrú le scaipeadh an víris a stopadh. Tá sé ríthábhachtach mar sin go gcloíonn gach ball teaglaigh leis an gcomhairle seo agus go nglacann siad chomh docht agus is féidir leis na cleachtais a leanas.

#### **Déan:**

- Na lámha a ní i gceart agus go minic
- An béal agus an tsrón a chlúdach le ciarsúr páipéir nó le do mhuinchille nuair a dhéanann tú casacht agus sraoth.
- Ciarsúir úsáidte a chur san araid bhruscair agus do lámha a ní
- Níthe agus dromchlaí a dteagmhaítear go minic leo a ghlanadh agus a dhíghalrú.

#### **Ná déan:**

- Teagmháil le súile, srón nó béal mura bhfuil na lámha glan.
- Rudaí a dhéanann teagmháil le do bhéal a chomhroinnt - mar shampla buidéal, cupáin, sceanra srl.

#### **Is ceart na lámha a ní:**

- Tar éis casacht nó sraoth a dhéanamh
- Roimh agus tar éis ithe
- Roimh agus tar éis bia a ullmhú
- Má bhí tú i dteagmháil le duine a bhfuil fiabhras nó siomptóim riospráide acu (casacht, giorra anála, deacrachtaí anála)
- Roimh agus tar éis a bheith ar iompar poiblí
- Roimh agus tar éis a bheith i slua (go háirithe slua faoi dhíon)
- Ar theacht go foirgnimh agus ar imeacht uathu
- Má tá do lámha salach
- Tar éis an leithreas a úsáid

Beidh na naisc seo a leanas úsáideach le haghaidh comhairle ón FSS maidir leis na lámha a ní: <https://www2.hse.ie/wellbeing/how-to-wash-your-hands.html>

## Daoine le riosca fíor-ard (fíorleochaileacha)

Tá grúpaí ardriosca aitheanta sna treoirínte reatha sláinte phoiblí.

Tá na grúpaí leagtha amach ag an FSS mar a leanas, ina n-áirítear daoine

- atá os cionn 70 bliain d'aois - fiú má tá siad ábalta agus folláin
- a raibh trasphlandú orgáin acu
- atá faoi cheimitheiripe ghníomhach le haghaidh ailse
- atá faoi raiditheiripe ghníomhacht le haghaidh ailse scámhóige
- a bhfuil ailse fola nó smeara ar nós leicéime, liomfóma nó mialóma orthu agus atá in aon chéim cóireála
- atá ag fáil imdhíon-teiripe nó aon chóireáil antasubstainte don ailse
- atá ag fáil aon chóireáil ailsedhírithe eile a chuirfeadh isteach ar an gcóras imdhíonachta, ar nós coscairí próitéin chionáise nó coscairí PARP
- a fuair trasphlandú smeara nó gaschille le sé mhí anuas, nó atá ag caitheamh drugaí imdhíon-sochta go fóill
- dianriochtana riospráide lena n-áirítear fiobrois chisteach, asma dian, fiobróis scamhógach, galar scáineach scamhóige agus galar Scamhóige Toirmeascach Ainsealach (COPD)
- a bhfuil riocht acu a chiallaíonn go bhfuil ardriosca ann go bhfaigheadh siad ionfhabhtú (ar nós SCID, corráinchill homaisigeach)
- atá ag caitheamh cógais a d'fhéadfadh níos mó ionfhabhtú a cheadú (dáileoga arda stéaróideacha nó teiripí imdhíon-sochta)
- a bhfuil dianriocht croí orthu agus atá torrach

## 3. Bearta Rialaithe

Ba chóir réimse socruithe a chur i bhfeidhm leis an riosca go scaipfeadh an víreas Cóivid-19 a laghdú agus chun sábháilteacht, sláinte agus leas an teagascóra/CRS agus baill an teaghlaigh a chosaint a oiread agus is féidir.

### Ginearálta

- Ba chóir do theagascóirí agus CRS cloí leis na teaghlaigh chéanna
- Ní mór do theagascóirí agus CRS bheith ar an eolas faoi na na siomptóim is coitianta den ionfhabhtú Covid-19: (ardteocht, fiabhras, casacht, giorra anála agus miailge/righneas mhatáin) agus má tá aon siomptóim den ionfhabhtú, ionfhabhtú Cóivid-19 san áireamh, ní cóir dóibh an tseirbhís a sholáthar
- Ní mór do theaghlaigh, an teagascóir/CRS a chur ar an eolas láithreach má thagann casacht nua, ardteocht nó giorra anála ar aon bhall den teaghlach

### Sláinteachas Láimhe

Ba chóir go dtabharfaí cúnamh do pháistí na lámha a ní i gceart le gallúnach agus uisce nó le díghalróir alcólbhunaithe sa chás nach féidir leo é a dhéanamh i gceart iad féin.

## **Trealamh**

Seans go mbeadh riachtanais chúram ar leith (fisiciúla nó iompraíochta) ann, a n-éileodh úsáid uirlisí, áiseanna agus/nó trealamh leighis, mar shampla, áiseanna chúnta leithris, áiseanna gluaiseachta agus láimhsithe agus áiseanna riospráide. Sa chás go gcoinnítear an trealamh seo sa bhaile, ní mór do thuismitheoirí a dheimhniú go nglantar é go rialta agus go cuí, de réir teoracaha an déantóra.

## **Glantachán**

Ba chóir comhlímistéir agus dromchlaí a ndéantar teagmháil leo go minic a ghlanadh go rialta agus go hiomlán, go háirithe leithris, murláin doirse srl. Ní mór an glantachán a dhéanamh go rialta agus aon uair a bhíonn sé le feiceáil go bhfuil saoráidí nó dromchlaí salach.

Is ceart an suíomh oibre atá in úsáid don Chlár Samhraidh ag Baile a ghlanadh agus a dhíghalrú roimh agus tar éis é a úsáid gach lá.

## **Roimh dhul isteach i dteach an scoláire:**

- Ba chóir don teagascóir/CRS a dheimhniú nach bhfuil aon siomptóim den ionfhabhtú Cóivid-19 orthu.

## **Ar shroichint teach an scoláire:**

- Ba chóir don teagascóir/CRS na lámha a ní le gallúnach agus uisce nó le díghalróir alcólbhunaithe, fiú má fhéachann na lámha glan, ar shroichint agus ar fhágáil an tí
- Ní mór don teagascóir/CRS gan ach líon teoranta acmhainní, a bhainfear leas astu le linn na cuairte, a thabhairt isteach sa teach leo
- Ní mór don teagascóir/CRS a laghad giuirléidí pearsanta agus is féidir a thabhairt leo go teach an pháiste. Más gá nithe áirithe a thabhairt isteach, ba chóir iarracht a dhéanamh gan iad a úsáid laistigh den teach agus gan aon teagmháil a bheith ag an bpáiste leo. Má bhíonn fón póca ag an teagascóir/CRS i dteach an scoláire, ba chóir iarracht a dhéanamh gan é a úsáid ach a laghad agus is féidir le linn na cuairte agus mura féidir é seo a dhéanamh, smaoineamh ar an bhfón a ghlanadh tar éis an teach a fhágáil.

## **Le linn na cuairte:**

- Ní mór don teagascóir/CRS cuimhneamh gan teagmháil láimhe a dhéanamh lena (h)aghaidh (súile, srón nó béal).
- Ní mór don teagascóir, oiread agus is féidir, scaradh fisiciúil 2m a choimeád ó dhaoine fásta sa teach
- Nuair nach féidir an scaradh sóisialta a chur i bhfeidhm, ní mór smaoineamh ar masc aghaidh a úsáid. Is féidir teacht ar chomhairle sláinte poiblí i dtaobh mascanna aghaidh ag an nasc: <https://www.gov.ie/en/publication/aac74c-guidance-on-safe-use-of-face-coverings/>
- Níl aon ghá le lámhainní agus ní ceart iad a chaitheamh.

## **I ndiaidh na cuairte:**

- Ba chóir don teagascóir/CRS a chinntiú go ndéanfaí an glantachán cuí, agus díghalrú más gá, ar aon trealamh nó fearas ar bhain an páiste leas as sula n-úsáidfaí é i dteach eile.